# Eagarthóir Blaisíní TG4

## Conradh Buan

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost, Eagarthóir Blaisíní TG4.

Is mian le TG4 Eagarthóir Blaisíní a earcú ar bhonn buan a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann i nGaeltacht na Gaillimhe. Freagróidh an tEagarthóir Blaisíní do Bhainisteoir an Mhoil Chruthaithe, agus beidh an té sin freagrach as ábhar físiúil cruthaitheach a chruthú, ábhar a bheidh dírithe ar lucht féachana ar leith ar fud ardáin TG4.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais cháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i ndáil le hÉagsúlacht. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

**An Ról**

Beidh an té a cheapfar freagrach as lucht féachana a mhealladh chuig ábhar ar fud ardáin TG4, branda TG4 a chur chun cinn trí ábhar atá cruthaitheach agus ar ardchaighdeán a chruthú chomh maith leis na nithe seo a leanas:

- Ábhar gearrfhoirme a stiúradh agus a chruthú atá ar ardchaighdeán idir bhlaisíní, sheóríleanna, fhíseáin chorparáideacha agus ábhar digiteach trasardáin do TG4.
- Ábhar insoláthartha ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- Eagarthóireacht a dhéanamh ar fhíseáin agus eolas a bheith agat ar threochtaí físiúla ó thaobh margaíochta agus sna meáin dhigiteacha
- Moltaí/Smaointe cruthaitheacha a thabhairt agus a ghlacadh a chuireann le branda TG4.
- Tograí a bhainistiú, a eagrú agus a chartlannú
- Ábhar a sheachadadh a bheidh feiliúnach le craoladh ar an aer, go réamhlíneach, le húsáid mar ábhar digiteach agus fógraíochta go hinmheánach agus ag comhlachtaí seachtracha

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Tuiscint, taithí agus saineolas ar na réimsí eagarthóireachta is déanaí. Eolas ar bhogearraí agus nósmhaireachtaí eagarthóireachta reatha agus nuálacha: Adobe Premiere Pro, Adobe After Effects agus Final Cut X. Bheadh cur amach ar Devinci ina bhuntáiste.
- Taithí ar ábhar a stiúradh.
- Ardscileanna i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla chomh maith le bheith ábalta cóipscríbhneoireacht a dhéanamh
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí ar ábhar físiúil a chruthú.
- Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

I gCeannáras TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe a bheidh an post seo lonnaithe. Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

4pm Déardaoin an 12 Márta 2026 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol CV mar aon le litir iarratais ina leagtar amach an fhís a bheadh agat chomh maith le samplaí de do chuid oibre chuig: **cv@tg4.ie**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist: Grád 5**

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal in Éirinn i gceist ó am go ham mar chuid den ról.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • **Deiseanna Oiliúna agus Forbartha**<br>• **Saoire Staidéir agus Scrúduithe**<br>• **Táillí Ballraíochta Gairmiúla** | • **Pinsean Ranníocach**<br>• **An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**<br>• **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre** |